Polasaí Obair Bhaile

Chuir pobal Scoil Chualann, is é sin, foireann na scoile, coiste na dtuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta an leagan leasaithe den pholasaí seo le chéile i bhfómhar na bliana 2011.

*This revised policy was written in consultation with the staff , parents association and the Board of Management of Scoil Chualann in September 2011***.**

Is mian linn i Scoil Chualann cúram a dhéanamh d'fhorbairt iomlán an pháiste- forbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha ,mhórálta, spioradálta, shóisialta agus mhothúchánach.

Creidimid go láidir go gcuireann obair bhaile go mór leis an bhforbairt seo agus go dtéann sé chun tairbhe don pháiste. . Spreagann obair bhaile daltaí chun a bheith ag obair go neamhspleách agus chun a bheith freagrach as a gceachtanna féin.

The school aims to nurture the complete development (intellectual, physical, cultural, moral, spiritual, social and emotional) of the child .

We strongly believe that homework facilitates and enhances this development. Homework encourages children to work independently and to become responsible for their own work.

Cabhraíonn obair bhaile leis an bpáiste mar

- **Déantar daingniú ar an obair ranga.**
- **Tugtar deis do thuismitheoirí spéis a léiriú in obair a bpáistí.**
- **Tugtar deis do pháistí a bheith ag obair as a stuaim féin.**
- **Cothaítear scileanna freagrachta agus eagrúcháin sa pháiste.**
- **Cothaítear nasc láidir idir an baile agus an scoil.**
- **Tugtar eolas do thuismitheoirí ar cén obair atá ar siúl sa rang.**
- **Tugtar deis dóibh freisin cabhrú lena gcuid páistí.**

Homework benefits the child by

- *reinforcing the work done in class*
- *Giving parents the opportunity to take an interest in their children's school work*
- *Encouraging organisational skills and the ability to work independently*

- *Strengthening the link between home and school,*
- *Keeping parents informed as to what is being covered in class*
- *Giving parents an opportunity to help their children*

Is é polasaí na scoile obair bhaile a thabhairt ar bhonn rialta. Cuirfear an obair bhaile in oiriúint do chaighdeán an ranga . Tugtar obair bhaile do na páistí gach lá ó Luan go Déardaoin. Uaireanta tugtar obair bhaile ag an deireadh seachtaine má cheapann an múinteoir ranga go bhfuil gá leis.

It is school policy to give homework on a regular basis. Homework will be based on work already covered in class and will be given every day from Monday to Thursday. Occasionally a teacher may decide to give homework at the weekend.

Oícheanta saor ó obhair bhaile

Ó am go céile ní bhíonn ar na páistí obair bhaile a dhéanamh. Ní gá don pháiste obair bhaile scríofa a dhéanamh ar a lá breithe.Uaireanta faigheann páiste, grúpa nó rang pas obair bhaile. Tugann an pas saor obair bhaile dóibh.

Sometimes the children may have a "free homework" night. Children do not have written homework on their birthday. A child, group or a class may earn a free homework pass. The pass entitles them to an evening free from written homework.

Iarrtar ar thuismitheoirí an méid Gaeilge agus is féidir leo a labhairt leis na paistí sa bhaile.

Ról an tuismitheora/caomhnóra

Is faoin tuismitheoir /caomhnóir atá sé súil a choinneáil ar an bpáiste agus iad ag gabháil don obair bhaile. Tá sé rí-thábhachtach nach ndéantar an obair dóibh. Má táthar sásta le caighdeán na hoibre ba chóir an Dialann Scoile a shíniú.Sa chás go mbíonn deacrachtaí ag páiste ba choir é sin a chur in iúl don mhúinteoir trí nóta a scríobh sa chárta obairbhaile/dialann scoile.

Tá léitheoireacht agus foghlaim de ghlanmheabhair mar chuid thábhachtach den den obair bhaile .

The parent's/guardian's role is to encourage, observe and review completed homework. The child should be allowed to work independently. If the parent/guardian is satisfied with the standard and neatness of the work then the "Dialann Scoile"/cárta obair bhaile should be signed. If a child has a difficulty with homework the parent should inform the teacher by writing a note on the homework card or in the homework notebook.

Reading and learning by heart are important aspects of homework.

Idirdhealú/ *Differentiation*

Sa chás go bhfuil an páiste ag freastal ar ranganna thacaíocht foghlama/ranganna acmhainne tugtar tús áite don obair bhaile a fhaigheann siad ag na ranganna sin. Déanfaidh an múinteoir ranga socrú leis an bpáiste re: obair bhaile ranga.

Pupils in receipt of supplementary teaching will give priority to homework set by learning support/resource teachers. The class teacher will modify class homework to suit the child's needs.

Naíonáin	10-15	noiméad
Ranganna 1 agus 2	20-30	noiméad
Ranganna 3 agus 4	45	noiméad
Ranganna 5 agus 6	1	uair

Naíonáin 10-15 noiméad

Ní thugtar obair bhaile fhoirmeálta do na ranganna seo. Bíonn fillteán baile ag na paistí . Tugtar deis dóibh leabhair a thabhairt abhaile . Pléitear ábhar na leabhar. Tugtar ábhair nithiúla dóibh uaireanta chun coincheapa nua matamaitice a iniúchadh . Iarrtar orthu pictiúir srl a thabhairt isteach sa rang. Cuirtear an-bhéim ar luathlitearthacht agus uimhreacht.

Ranganna 1 agus 2 20-30 noiméad

Beidh cárta obairbhaile ag ranganna 1 agus 2. Beidh obair na seachtaine ar na cartaí seo.

Ranganna 3 agus 4 45 noiméad

Ranganna 5 agus 6 1 uair

Beidh dialann don obair bhaile ag Ranganna 3-6.

Iarrtar ar thuismitheoirí an dialann obair bhaile a shíniú gach oíche.

Déanfaidh múinteoirí seiceáil ar na dialanna obair bhaile. Beidh a chóras féin ag gach múinteoir.

Moltaí do thuismitheoirí/ caomhnóirí

"Tús maith leath na hoibre"

Good habits fostered early will pay dividends.

Moltar

- **Am faoi leith a shocrú don obair bhaile** /*Set aside homework time & stick to it*
- **A chinntiú go bhfuil pinn luaidhe, scriosáin cóipleabhair ie. gach atá ag teastáil ón bpáiste acu roimhré** / *Make sure the child has everything he/she needs to complete their homework*
- **A chinntiú nach bhfuil teilifís srl ar siúl sa seomra ina bhfuil an páiste ag obair** / *Ensure that the child does their homework in a suitable place free from distraction (television, computer games etc.)*
- **Teora ama a chur leis an obair bhaile** / *Have a time limit for homework*
- **Nóta a chur ag an múinteoir sa chás go bhfuil deacrachtaí ag an bpáistí ag cloí leis an teora ama seo nó sa chás nach dtuigeann an páiste go minic céard atá le déanamh** / *If a child continues to struggle with homework or cannot complete the work within the suggested time frame then the parent/ guardian should inform the teacher by writing a note on the homework card or in the Dialann Scoile depending on the class*
- **A iarraidh ar an bpáiste an obair bhaile a dhéanamh in athuair muna bhfuil an tuismitheoir sásta leis** / *You may ask your child to re-write or re-do homework which is not properly done or is not presentable .*

Obair bhaile a cheartú

Beifear ag súil go mbeidh dúthracht agus díograis ag baint le hobair an pháiste.

Tabharfar aitheantas don iarracht chomh maith leis an gnóthachtáil.

Cuirfear stíleanna foghlaime il-éirime san áireamh agus obair bhaile á cheartú.

Má dhéantar obair bhaile an –mhaith gheobhaidh an páiste aitheantas (greamán ,marc maith, réalta) ag brath ar chóras an ranga.

Muna ndéantar an obair bhaile cuirtear nóta sa dialann agus iarrtar ar an tuismitheoir an dialann a shíniú.

Má leanann an fhadhb cuirfear i láthair na dtuismitheoirí í agus d'fhéadfadh go niarrfaí ar an bpáiste an obair a chríochnú am éigin eile msh. sa halla ag am lóin nó ag an deireadh seachtaine.

Correction of homework

Children will be expected to try their best when doing homework. Due recognition will be given to the effort and the end result.

Homework which is well done will be recognised (good mark, star, sticker) depending on the class marking scheme.

If homework is not completed /done the class teacher will make a note in the dialann scoile and the parent will be asked to sign it.

If the problem continues the parent will be informed and the child may be asked to finish the homework at another time eg. in the hall for some of the lunch break or at home at the weekend.

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm láithreach.

These procedures will apply immediately.